Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2024
(OR. en)

8967/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0138(COD)**

CODEC 1118
ECOFIN 453
UEM 94

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1466/97 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 26 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 121(6) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 5 Iúil 2023[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Meán Fómhair 2023[3].

4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 10 Deireadh Fómhair 2023[4].

5. An 23 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

1 8776/23 + ADD1.
2 IO L 290, 18.8.2023, lch. 17.
3 IO C, C/2023/880, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/880/oj
4 IO C, C/2023/1329, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1329/oj
5 8837/24.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 51/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Bheilg ag staonadh ón vótáil.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.